**Aonad 13 – Orduithe – Frásaí agus Ceisteanna**

**Bhí mé go maith inné.**

**Chaith mé mo gheansaí dubh.**

**Chas mé le mo chairde.**

**D'fhan mé in óstán mór.**

**D'ith mé mo bhricfeasta.**

**D'ól mé uisce.**

**Bí go maith!**

**Caith an geansaí dubh!**

**Cas timpeall!**

**Fan nóiméad!**

**Ith do bhricfeasta!**

**Ól do bhainne!**

**Ceart go leor**

**Tá go maith**

**Cinnte**

**A Eimear, seas suas.**

**A Chiaráin agus a Chaitríona, seasaigí suas.**

**A Eimear, fan i do sheasamh.**

**A Chiaráin agus a Chaitríona, fanaigí in bhur seasamh.**

**Anois, a Eimear suigh síos.**

**A Chiaráin agus a Chaitríona, suígí síos.**

**Ithigí bhur mbricfeasta.**

**Éistigí leis an nuacht.**

**Ólaigí bhur mbainne.**

**Casaigí timpeall!**

**Fanaigí nóiméad!**

**Imrígí peil.**

**Suígí síos.**

**Éirígí anois.**

**Tosaígí ag obair.**

**Téigh suas an staighre.**

**Téigh amach go dtí an carr.**

**Brostaigh ort.**

**Cuir ort do lámhainní.**

**Faigh do leabhair scoile.**

**Dún an fhuinneog.**

**Oscail do chóta.**

**Dún an doras.**

**Ith suas do bhricfeasta.**

**Bí/Bígí ciúin.**

**Oscail/Osclaígí an leabhar.**

**Dún/Dúnaigí an leabhar.**

**Féach/Féachaigí orm.**

**Éist/Éistigí liom.**

**Bí/Bígí ag caint.**

**Cuir/Cuirigí suas bhur lámha.**

**Nigh/Nígí bhur lámha.**

**Glan/Glanaigí an bord.**

**Téigh/Téigí a chodladh**

**A stóirín! – Darling!**

**A pheata! – Pet!**

**A mhuirnín! – Sweetheart!**

**A thaisce! – My treasure!**

**Ná seasaigí suas.**

**Ná tosaígí ag scríobh.**

**Ná dúnaigí bhur leabhair.**

**Ná faighigí pinn.**

**Ná hosclaígí bhur leabhair.**

**Ná héistigí liom.**

**Ciúnas!**

**Coimhéad!**

**Géill slí!**

**Bealach amach!**

**Seachain!**

**Cas ar dheis!**

**Cas ar chlé!**